



COINNÍOLLACHA UM LEITHDHÁILEADH PÁIRCE - 2021/2022

COVID 19: - Ní mór do gach club a leithdháileann Comhairle Contae Fhine Gall páirceanna imeartha dó a chinntiú go leanann siad na prótacail atá leagtha síos ag a gcomhlacht rialaithe ábhartha agus treoirínte an Rialtais.

- Ní ligfear páirceanna ach do na clubanna sin a bhfuil foirm iarratais oifigiúil curtha isteach acu, mar aon leis an táille ligin chuí agus a bhfuil deimhniú acu ón Sraith, ón mBord nó ón gCumann iomchuí do na foirne go léir a bhfuil cóiríocht á lorg dóibh. Is iad Comhairle Contae Fhine Gall a shocróidh na táillí i leith aon ligin ó bhliain go bliain.
- Caithefar Páirceanna Réigiúnacha Chomhairle Contae Fhine Gall a bheith dúnta ag na huaireanta oifigiúla seo a leanas :

Ainm na Páirce	Eanáir	Feabh - Márta	Aibreán	Bealtaine	Meith - Lúnasa	M. Fómhair	D. Fómhair	Samhain - Nollaig
Páirc na Feá	4.00in	5.00in	7.00in	8.00in	8.00in	7.00in	6.00in	4.00in
Páirc na Milaoise	5.00in	6.00in	7.00in	8.00in	9.00in	8.00in	6.00in	5.00in
Páirc San Cairtróna	5.00in	6.00in	8.00in	9.00in	9.00in	8.00in	7.00in	5.00in
Páirc Bhaile an Hartaigh	Príomh-Charrchlós - dúnta ag an gclub							
Páirc Chaisléan an Churraigh	Geataí oscailte 24 uair							

- Ní mór do chlubanna úsáid a bhaint as na páirceanna Comhairle **AMHÁIN** a bheidh leithroinnte orthu.
- Níl** údarás ag clubanna cead a thabhairt do dhaoine eile páirceanna a leithdháiltear ar an gClub a úsáid. Má théann grúpaí eile chuig an gClub chun cead a fháil páirceanna imeartha ba chóir an t-iarratasóir a tharchur chuig an gComhairle.
- I gcás go gcuirtear carrchlóis ar fáil, ní mór do chlubanna a chinntiú go mbaineann a mbaill agus na foirne cuairte araon leas as na háiseanna seo. **Sa chás nach gcuirtear aon charrchlós ar fáil, déan cinnte le do thoil go bhfuil gach carr, lena n-áirítear foirne as baile, páirceáilte ionas nach gcuirfidh siad bac nó míchaoithiúlacht ar chónaitheoirí tadhlaigha chun gearáin gan ghá a sheachaint.** In áiteanna áirithe ina mbíonn deacrachtaí páirceála ar leith cosúil le droch-rochtain agus eastáit phríobháideacha, féadfar socrúithe a chur i bhfeidhm idir an Chomhairle agus Cumainn Áitritheoirí chun an pháirceáil a bhaineann le húsáid na bpáirceanna a bhainistiú. Sa chás go bhfuil socrúithe den sórt sin i bhfeidhm déileálfar leo mar Choinníoll Leithdháilte. Beidh sé de fhreagracht ar an gclub freisin a chinntiú go bhfuil foirne cuairte ar an eolas go hiomlán faoi na comhaontuithe páirceála agus go bhfuil meas acu orthu. Fiosrófar gearáin ó chónaitheoirí maidir le páirceáil mhíchuí agus neamhfhreagrach agus beidh clubanna a gheofar de shárú ar an gCoinníoll seo nó comhaontuithe sonracha maidir le páirceáil faoi dhliteanas pionóis suas go dtí agus lena n-áirítear aistarraingt na leithdháilte páirce uile.
- Ní mór do bhaill an chlub dul isteach agus amach as páirceanna ach trí na bealaí isteach agus na bealaí amach atá **údraithe**.
- Beidh clubanna a fhaigheann páirc leithdháilte freagrach as iompar a bhfoirne cuairte.
- Ní fhéadfar imirt ar na páirceanna imeartha go léir ón 2^ú seachtain i mí na Nollag go dtí an chéad seachtain i mí Feabhra gach bliain.**
- Féadfaidh Comhairle Contae Fhine Gall páirceanna imeartha a dhúnadh ag am ar bith i rith na bliana, más é a thuairim nach bhféadtar imirt ar an bpáirc. Is críochnaitheach a bheidh cinneadh na Comhairle maidir leis an ábhar. Ní thabharfar aird ar aon éileamh ar chóiríocht mhalartach a eascróidh as aon dúnadh den sórt sin.

Níl sé de cheart ag aon Chlub ná Réiteoir cinneadh a dhéanamh go bhféadtar imirt ar aon pháirc má dhearbhaíonn an Chomhairle nach bhféadtar imirt ar an bpáirc sin. Is í feidhm Chomhairle Contae Fhine Gall amháin é seo. Tabhair faoi deara le do thoil gurb é an Ceannfort Páirceanna a dhearbhaíonn nach bhféadtar imirt ar na páirceanna ar mhaithe leis na dromchlaí féir a chothabháil ionas go mbeidh na páirceanna ar fáil chun imirt orthu go fadtéarmach.

Tá faisnéis maidir le hinúsáidteacht páirceanna imeartha ar fáil gach tráthnóna Dé hAoine ar shuíomh gréasáin oifigiúil Chomhairle Contae Fhine Gall:

www.fingal.ie/Community-and-Leisure/Sports-and-Fitness/Pitches

Tabhair faoi deara le do thoil freisin go bhfuil sé de chumhacht ag na Maoir Pháirce sna páirceanna réigiúnacha níos mó nach bhféadtar imirt ar pháirceanna dá rogha féin Dé Sathairn nó Dé Domhnaigh más rud é go dtéann an aimsir in olcas tar éis an Aoine nuair a d'fhéadfadh sé a bheith dearbhaithe go bhféadtar imirt ar na páirceanna.

10. Caithfear gach liosta de chluichí maidine a shocrú ionas go gcríochnóidh siad tráth nach déanaí ná 12.45 i.n. agus mar sin ag fágáil na páirceanna/pailliúin folamh faoi 1.00 in agus caithfear gach cluiche tráthnóna a réachtáiltear sa tréimhse idir mhí na Samhna agus mí Eanáir go huile críochnú tráth nach déanaí ná 4.00 in.
11. Ní cheadaítear cluichí i lár na seachtaine i rith na tréimhse de mhí Aibreáin/mí na Bealtaine/mí an Mheithimh ach ar na páirceanna a leithdháiltear ar an gclub le haghaidh cluichí le linn na deireadh seachtaine. Sa chás go roinneann clubanna páirc ní mór dóibh teagmháil a dhéanamh leis an gclub eile ionas nach dtiocfaidh na cluichí salach ar a gcéile. Caithfear gach cluiche a bheith críochnaithe roimh amanna dúnta na páirce.
12. Críochnóidh ligean páirceanna imeartha le deireadh an tséasúir oifigiúil agus caithfidh aon club ar mian leo comórtais 5-gach-taobh srl. a óstáil i rith míonna an tsamhraidh cead i scríbhinn a fháil ón gComhairle. Ba cheart iarratas ar leithligh a dhéanamh maidir le páirceanna imeartha a úsáid i rith míonna an tsamhraidh, (is infheidhme maidir le clubanna sacair amháin).
13. Déanfar clár cothabhála páirceanna spóirt samhraidh ar gach faiche, má cheadaíonn an aimsir í idir mhí an Mheithimh agus mí Lúnasa. Cinnteoidh na hoibreacha riachtanacha cothabhála móna seo go mbeidh an dromchla imeartha i riocht oiriúnach don séasúr imeartha dar gcionn.
14. Sa chás go bhfuil foirne ban/cailíní ag club ag imirt i sraitheanna Samhraidh caithfear an Chomhairle a chur ar an eolas faoi riachtanais páirce sula dtosaíonn na Sraitheanna. Tá gá leis an bhfógra seo chun oibreacha athchóirithe Samhraidh a éascú, (is infheidhme maidir le clubanna sacair amháin).
15. Féadfaidh Comhairle Contae Fhine Gall aon Chlub nó ball d'aon Chlub a thugann neamhaird nó neamhshuim nó a bhriseann aon Choinníoll Ligin a chur ar fionraí maidir leis an bpáirc a leithdháiltear ar an gClub a úsáid.
16. Ba chóir a thabhairt faoi deara go gcoimeádann Comhairle Contae Fhine Gall an ceart leithdháiltí páirce a athrú laistigh den séasúr, más gá.
17. Deonaítear ligean le haghaidh cluichí amháin. **Ní cheadaítear aon traenáil ar na páirceanna imeartha**
18. Is Coinníoll Ligin é go mbeidh Polasaí Árachais ag Clubanna a shlánóidh Comhairle Contae Fhine Gall i gcoinne gach caingean, éileamh, costas agus éileamh de chineál ar bith a éiríonn as úsáid na bpáirceanna ag an gclub agus séanann an Chomhairle go sainráite gach dliteanas i leith caingne, éilimh, caiteachais agus éilimh den sórt sin.

PÁIRCEANNA

19. Is ar an gClub amháin a bheidh an fhreagracht as a chinntiú go bhfuil an pháirc saor ó aon ghuaiseacha agus gur féidir le gach cluiche dul ar aghaidh gan chontúirt d'imreoirí, d'oifigigh nó do dhaoine eile a úsáideann an pháirc, agus glacfaidh an Club gach beart riachtanach chun sábháilteacht na ndaoine sin a chinntiú. Ní athraíonn sé seo an ceart atá ag an gComhairle páirceanna imeartha a chur ar ceal ag brath ar an aimsir ag an am.
20. Ní mór páirceanna a mharcáil le táirgí marcála páirce dílseánaigh amháin. Ní cheadaítear ábhair ar nós "Creosote", marú fiailí srl. Beidh clubanna a aimseofar go bhfuil siad ag baint úsáide as luibhicíd, ola díosail nó creosóit chun páirceanna a mharcáil faoi dhliteanas pionóis suas go dtí agus lena n-áirítear gach leithdháileadh páirce a tharraingt siar.

21. Caithfidh clubanna gach bruscar, lena n-áirítear téip, cumhdaigh mhilis, buidéil phlaisteacha agus dramhaíl mhíochaine a bhaint as na páirceanna agus as dá thaobh-líne / deireadhlíne tar éis gach cluiche. Beidh clubanna a aimseofar go bhfuiltear ag sárú an choinníll seo faoi dhliteanas pionóis suas go dtí agus lena n-áirítear aistarraingt gach leithdháileadh páirce.
22. Ní cheadaítear do chlubanna, ar chúinsí ar bith, páirceanna féir a ghearradh atá faoi úinéireacht Chomhairle Contae Fhine Gall. Is iad foireann na Comhairle lán-oilte AMHÁIN a dhéanfaidh na hoibreacha seo.
23. D'fhonn oibreacha cothabhála na bpáirceanna a éascú, éilítear ar chlubanna dátaí an tSéasúir a chur in iúl don Roinn Oibríochtaí roimh ré.
24. Ní cheadaítear líonta a dhaingniú leis na cuailí ach tríd an gcóras "Netflix" nó glan-cheangail phlaisteacha 'S' amháin a úsáid. Beidh clubanna freagrach as scoráin a sholáthar chun na líonta a cheangal leis na sliotáin "Netflix" a chuirtear ar fáil ar na cuailí.

Tá cosc dian ar sreangán, téip, tairní, crúcaí srl a úsáid. Beidh clubanna a aimseofar go bhfuil siad ag baint úsáide as tairní, crúcaí, téip nó sreangán chun líonta a dhaingniú leis na cuailí faoi dhliteanas pionóis suas go dtí agus lena n-áirítear aistarraingt gach leithdháileadh páirce.

25. Nuair a úsáidtear bioráin chruach nó ancairí talún chun líonta a dhaingniú caithfear iad seo a bhaint díreach tar éis gach cluiche. Ní féidir bioráin nó ancairí talún a fhágáil sa talamh nó ar an talamh nuair nach bhfuil an pháirc in úsáid. Beidh clubanna a aimseofar go bhfuiltear ag sárú an choinníll seo faoi dhliteanas pionóis suas go dtí agus lena n-áirítear aistarraingt gach leithdháileadh páirce.
26. (i) Ní mór gach cuaille iniompartha agus in-aistrithe a dhaingniú le córas a chomhlíonann na riachtanais IS EN 748: 1996 trí mheáchain nó bioráin a úsáid. Tá cosc dian ar chuailí iniompartha nó in-aistrithe nach gcomhlíonann an caighdeán seo a úsáid. Caithfidh an club duine a ainmniú lena chinntiú go ndéantar na cuailí a chur le chéile agus a dhaingniú i gceart roimh gach cluiche agus go gcoinnítear taifead i scríbhinn den chigireacht seo. Caithfidh taifid i scríbhinn ar gach cigireacht den sórt sin a bheith ar fáil lena n-íniúchadh ag an gComhairle tráth ar bith.
- (ii) Ní mór cuailí iniompartha nó in-aistrithe a thástáil ar bhonn bliantúil de réir na modhanna atá leagtha amach in IS EN 748: 1996. Ní mór fianaise dhoiciméadach a chur faoi bhráid na Comhairle ag deimhniú gur monaraíodh agus go ndearnadh tástáil ar chuailí iniompartha nó in-aistrithe de réir na gcaighdeán atá leagtha amach in IS EN 748 agus gur tástáladh na cuailí agus go bhfuair siad an tástáil bhliantúil de IS EN 748: 1996 roimh thús an tséasúir. Ní phróiseálfar leithdháilte páirce do chluichí beaga taoibh mura gcuirtear fianaise dhoiciméadach ar thástáil faoi bhráid na Comhairle.
27. Ní mór do chlubanna rugbaí stuáil a sholáthar le haghaidh ardú cuaille mar atá molta ag na comhlachtaí rialaithe náisiúnta ábhartha agus iad a bhaint nuair atá na cluichí críochnaithe.

COINNÍOLLACHA ÚSÁIDE NA SEOMRAÍ FEISTIS

IS INFHEIDHME AMHÁIN MAIDIR LE CLUBANNA A BHFUIL SEOMRAÍ FEISTIS LEITHDHÁILTE ORTHU

- A. Caithfidh clubanna líon leordhóthanach maoir a sholáthar chun ord a choinneáil sna seomraí feistis agus ar pháirceanna imeartha agus caithfidh siad cosc a chur ar iontráil neamhúdaraithe sa phailliún. Ní ghlacann Comhairle Contae Fhine Gall aon fhreagracht ná dliteanas as cailiteanas nó damáiste d'aon mhaoin a fhágtar i bpailliún.
- B. Caithfidh clubanna glacadh le freagracht as iompar gach duine a ligtear isteach i seomraí feistis; chun iad a choinneáil glan agus slachtmhar agus chun aon damáiste a dhéantar dóibh a dheisiú.
- C. Beidh sé de dhualgas ar an gclub gach earraí éagsúla a sholáthar, mar shampla páipéar leithris, trealamh glantacháin, ábhair ghlantacháin srl. a theastaíonn chun na seomraí feistis a chothabháil.

- D. Forchoimeáid an Chomhairle an ceart cuairt a thabhairt ar na seomraí feistis ag am ar bith agus a chur in iúl don chlub go ndéanfaidh sé, ar chostas a thógtar ón mbanna, na saoráidí a ghlanadh nó a dheisiú.
- E. Tá Bannaí agus Táillí Bliantúla le cinneadh gach bliain ag Comhairle Contae Fhine Gall.
- F. Sa chás go bhfuil seomraí feistis curtha ar fáil, caithfear na heochracha a thabhairt ar ais ag deireadh an tSéasúir.
- G. Ní aisíocfar bannaí ach nuair a scoireann club na seomraí feistis i riocht sásúil.

Coinnigh Cóip de na Coinníollacha Ligin seo mar eolas duit le linn an tSéasúir atá le teacht